Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

| Coiste na Gaeilge | Irish Language Committee |
|---|---|
| **Cruinniú**<br>**Dé Máirt, an 26 Samhain 2019, ag 9.30am**<br>**Seomra Boird Choláiste na Tríonóide, An Scoil Ghnó** | **Meeting**<br>**Tuesday 26th November 2019 at 9.30am**<br>**Trinity Board Room, Trinity Business School** |
| **MIONTUAIRISCÍ** | **MINUTES** |
| **I láthair**: | **Present**: |
| • Cathaoirleach Ionadaíoch agus Roinn na Gaeilge & na dTeangacha Ceilteacha – An Dr Eoin Mac Cárthaigh<br>• Rúnaí an Choláiste – John Coman<br>• Oifigeach na Gaeilge – Áine Ní Shúilleabháin (Rúnaí)<br>• Ionadaí an Bhoird – An tOllamh Louis Brennan<br>• Cláraitheoir na Seomraí (nó ionadaí) – An Dr Philip Coleman<br>• Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Blánaid Kearney<br>• Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Ionadaí na Comhairle – An Dr Damian Murchan<br>• Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn – Muireann Nic Corcráin<br>• Aontas na nIarchéimithe – Gisèle Scanlon<br>• An Leabharlann – Nicole Seabrook | • Stand-in Chairperson and Department of Irish & Celtic Languages – An Dr Eoin Mac Cárthaigh<br>• Secretary to the College – John Coman<br>• Irish Language Officer – Áine Ní Shúilleabháin (Secretary)<br>• Representative of Board – Professor Louis Brennan<br>• Registrar of Chambers (or nominee) – Dr Philip Coleman<br>• Auditor of An Cumann Gaelach – Blánaid Kearney<br>• Faculty of Health Sciences – Dr Caoimhín Mac Giolla Phádraig<br>• Representative of Council – Dr Damian Murchan<br>• Students' Union Irish Language Officer – Muireann Nic Corcráin<br>• Graduate Students' Union – Gisèle Scanlon<br>• Library – Nicole Seabrook |
| **1. Ballraíocht & Leithscéalta:** | **1. Membership & Apologies**: |
| Leithscéalta:<br><br>• An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta – Caoimhe Ní Lochlainn<br>• Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Anthony O'Connor<br>• Cathaoirleach & Ionadaí Dhámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta – An Dr Noel Ó Murchadha (ar shos taighde)<br>• Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – Laoise Quinn<br><br>Fáiltíodh roimh bhaill nua an Choiste. | Apologies:<br><br>• Administrative and Support Area – Caoimhe Ní Lochlainn<br>• Faculty of Health Sciences – Dr Anthony O'Connor<br>• Representative of Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Noel Ó Murchadha (on research leave)<br>• Faculty of Engineering, Mathematics and Science – Laoise Quinn<br>•<br><br>New committee members were welcomed. |

| | | |
|---|---|---|
| **2. Miontuairiscí** | | **2. Minutes** |
| Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe ón 1 Bealtaine 2019. | | The minutes of the meeting held on 1st May 2019 were approved. |
| Luadh go raibh athrú ar an téacs a mhol an Coiste do Phlean Straitéiseach nua an Choláiste mar go raibh sé i gceist cáipéis níos beaichte ná an plean reatha a chumadh leis an bplean nua. Iarradh go ndéanfaí tagairt do cháipéis nó sprioc ar leith sa phlean agus dá réir sin, luaitear sa phlean go gcuirfear leis an nGaeilge sa Choláiste trí sheirbhísí, oiliúint agus imeachtaí a chur ar fáil i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (2003). | | It was stated that the text recommended by the Committee for the College's new Strategic Plan has been amended as it is intended to create a more concise document than the current plan. It was requested that reference be made to a specific document or target and, as a result, it is stated in the plan that Irish will be promoted in the College through providing services, training and events in accordance with the Official Languages Act, 2003. |
| **3. Acht na dTeangacha Oifigiúla & an Tríú Scéim Teanga** | | **3. Official Languages Act and the Third Language Scheme** |
| Táthar ag druidim i dtreo dheireadh na Scéime Teanga reatha agus luadh dhá príomhdhúshlán atá le cur i bhfeidhm go fóill: seirbhísí trí Ghaeilge a bheith ar fáil in oifigí áirithe sa Choláiste agus leathanaigh bhreise a chur leis na suíomhanna gréasáin Gaeilge a bhaineann leis an gColáiste. Iarradh chomh maith ar bhaill féachaint ina n-oifigí agus scoileanna féin chun daoine le Gaeilge a bheadh sásta í a úsáid a aithint agus a chur in iúl dóibh go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh ón Oifigeach Gaeilge. | | The current Language Scheme is nearing its end-date and two main challenges remain to be implemented: the provision of Irish language services in particular offices of the College and the addition of extra pages to all existing Irish language websites across College. Members were also asked to identify colleagues in their offices and schools who speak Irish and are willing to use it and to inform them that there is support available from the Irish language Officer in using it in College. |
| Maidir le scéim nua, an ceathrú ceann de chuid an Choláiste, beidh gá le fochoiste a chur le chéile dó seo agus athbhreithniú a dhéanamh ar na céimeanna a tógadh chun an Scéim dheireanach a ullmhú. Seolfaidh an Roinn litir go dtí an Coláiste le hiarratas a dhéanamh air Scéim nua a ullmhú. | | As regards a new scheme, which will be the College's fourth Irish language scheme, a subcommittee will need to be formed and the steps taken to prepare the current scheme reviewed. The Department will write to the College to request it to prepare a new scheme. |
| I mí Iúil, d'iarr Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán ar an gColáiste aighneacht a chur faoina bhráid maidir leis an oiliúint a bhfuil gá léi agus an oiliúint a d'fhéadfadh an Coláiste 'a chur ar fáil do Sheirbhísigh Phoiblí ionas gur féidir leo seirbhís iomlán dhátheangach a sholáthar don phobal'. Iarradh é seo i gcomhthéacs an mholta don bhille teanga nua 'go mbeidh Gaeilge líofa agus Béarla líofa ag 20% de sheirbhísigh phoiblí a bheidh ag obair i ngach comhlacht poiblí'. D'ullmhaigh Roinn na Gaeilge an aighneacht agus seoladh chuig an gCoiste é faoin spriocdháta a bhí luaite. | | In July the Joint Committee on the Irish Language, the Gaeltacht and the Islands asked the College to prepare a submission on the training that is required and that could be provided by the College 'for Public Servants in order to provide a fully bilingual service to the public.' The request was made in the context of the recommendation for the new language bill that '20% of public servants working in every public body will speak both Irish and English fluently.' The Discipline of Irish prepared the submission and it was submitted to the Committee by the requested deadline. |
| Cuireadh in iúl don Choiste nár foilsíodh an Bille chun Acht na dTeangacha a leasú go fóill. Tá sé ráite ag an Roinn anois go bhfoilseofar roimh Nollaig é. | | The Committee was informed that the amendment Bill to the Official Languages Act has not yet been published and that the Department has most recently stated that it will be published before Christmas. |
| **4. Tuairisc Oifigeach na Gaeilge** | | **4. Report of the Irish Language Officer** |
| Thug an tOifigeach Gaeilge cuntas ar imeachtaí an téarma agus ar obair leanúnach na hOifige. | | The Irish Language Officer gave an account of the events of the term and the ongoing work of the Office. |
| **An Scéim Cónaithe** | | **Residency Scheme** |

Tá tionscadail na Scéime curtha i gcrích don chéad téarma agus ina measc bhí Pop-Up Gaeltacht, feachtas ar líne, ciorcal comhrá, tráth na gceist agus oíche scannáin le haoichainteoir. Leanadh leis an togra 'Daonra na Scéime' ar cuireadh tús leis anuraidh bunaithe ar an bhfeachtas 'Humans of an Fáinne' a bhfuil cáil air ar na meáin shóisialta.

Tionscadal amháin a bhain go leor cáile amach ná léiriú an ghearrscannáin *Yu Ming is Ainm Dom* i Seomra na Gaeilge. Céimí dlí ó Choláiste na Tríonóide agus iarchaptaen na foirne leadóige boird is ea an príomhaisteoir, Diyu Wu, agus tugadh cuireadh dó a bheith i láthair ar an oíche áit ar cuireadh agallamh air agus bhí deis ag mic léinn leadóg bhoird a imirt leis. Léiríodh go leor spéise san imeacht sa Choláiste (alt in University Times https://bit.ly/2QSVjKu) agus lasmuigh ar na meáin shóisialta. Cuireadh na mic léinn faoi agallamh ar chlár 'Bricfeasta Blasta' de chuid Raidió na Life.

Bhí Oíche Léiriúcháin na Scéime ar an 28 Samhain i Seomra na Gaeilge. Rinne na mic léinn cur i láthair ar na tograí a cuireadh i gcrích le linn an téarma agus ar an eagrúchán a bhí bainteach leis sin. D'fhreastal ball den choiste ar an oíche léiriúcháin agus mhol sé an t-imeacht agus an scéim, agus an bheocht a thugann sí don teanga sa Choláiste.

**Oíche Chultúir**
Reáchtáladh trí thuras Gaeilge ar an gcampas ar an 20 Meán Fómhair. Ba iad na mic léinn an Scéime a bhí ina dtreoraithe don tráthnóna agus bhí ceol beo agus soláistí le fáil i Seomra na Gaeilge tar éis gach turas. Tuairiscíodh go raibh méadú ar líon na bhfreastalaithe i mbliana – d'fhreastail idir 45-50 ar na turais i gcomparáid le 25-30 duine anuraidh.

**Taispeántas Seirbhísí Choláiste na Tríonóide**
Glacadh páirt i dTaispeántas Seirbhísí an Choláiste i Halla na Scrúduithe a bhí eagraithe ag Oifig an Phríomhoifigigh Oibriúcháin i mí Dheireadh Fómhair. Bhí seastán ag an Oifigeach Gaeilge ann agus cuireadh eolas ar fáil faoin Scéim Cónaithe, na ranganna Gaeilge, an tseirbhís aistriúcháin do bhaill foirne, srl.

**Lá Oscailte**
Bhí seastán ag Oifigeach na Gaeilge ag an Lá Oscailte ar an 23 Samhain don Scéim Cónaithe. Léiríodh go leor spéise sa Scéim agus bhí deis ag daltaí agus tuismitheoirí bualadh le mic léinn reatha na Scéime a bhí ag an seastán ar an lá. Cuireadh trí thuras Gaeilge ar an gcampas ar fáil i rith an lae.

**Pop-Up Gaeltacht**
Bhí Pop-Up Gaeltacht i mbialann nua na Scoile Gnó, 'Forum', ar an 20 Samhain. D'fhreastail thart ar 40 duine, idir mhic léinn, baill foirne agus muintir an phobail ar an imeacht. Cuireadh soláistí ar fáil agus bhí go leor ceoil, amhránaíochta agus filíochta le cloisteáil ann ó mhic léinn agus ó dhaoine

Scheme projects have been completed for the first term and they included a Pop-Up Gaeltacht, online campaign, conversation circle, quiz, and movie night with a guest speaker. The 'Humans of an Scéim' project, based on the popular social media campaign 'Humans of an Fáinne' and which was initiated last year, was continued.

One project which attracted attention was the screening of the short film, *Yu Ming is Ainm Dom*, in Seomra na Gaeilge. The actor in the leading role, Diyu Wu, is a law graduate of Trinity as well as a former captain of the tennis table team and was invited to attend the event where he was interviewed and students also had an opportunity to play table tennis with him. The event garnered a lot of interest in College (University Times published an article on the event https://bit.ly/2QSVjKu) and beyond through social media. The students were interviewed on Raidió na Life's breakfast show.

The Scheme presentation night was held in Seomra na Gaeilge on 28th November. Students presented on the projects they undertook during term and the organisation required with these. A Committee member who was in attendance praised the event and the scheme, and the life it brings to the language in College.

**Culture Night**
Three tours were offered on campus on 20th September, guided by Scheme students over the course of the evening. Live music and refreshments were offered in Seomra na Gaeilge after each tour. There was an increase in attendees this year – approximately 45-50 in comparison with 25-30 last year.

**Student Services Exposition**
The Irish Language Officer took part in the first exposition of its kind of College services organised by the Office of the Chief Operating Officer in the Exam Hall in October. The Irish Language Officer managed a stand which offered information on the Residency Scheme, Irish language classes, translation service for staff, etc.

**Open Day**
The Irish Language Officer managed a stand at Open Day on 23rd November to promote the Residency Scheme. A lot of interest was shown and both students and parents had an opportunity to meet with current Scheme students throughout the day. Three campus tours in Irish were also provided.

**Pop-Up Gaeltacht**
A Pop-Up Gaeltacht was held in the Business School's new restaurant, Forum, on 20th November. There were approximately 40 in attendance including students, staff and members of the public. Refreshments were provided and there was a display of music, singing and poetry by both

eile a d'fhreastail air. Gabhadh buíochas dóibh siúd a thacaigh leis.

**Oireachtas na Gaeilge**
D'fhreastail an tOifigeach ar roinnt imeachtaí d'Oireachtas na Gaeilge a bhí i mBaile Átha Cliath i mbliana. Ina measc sin bhí seimineár eagraithe ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le deiseanna fostaíochta d'aistritheoirí, ateangairí, dlítheangeolaithe agus cúntóirí teanga san Aontas Eorpach. Beidh an t-eolas a cuireadh ar fáil úsáideach d'imeacht eolais ar ghairmeacha le Gaeilge atá á eagrú in éineacht leis an tSeirbhís Ghairmeacha i dtéarma na féile Bríde. Ardaíodh an cheist an raibh deis ann do Roinn na Gaeilge cuairt a thabhairt ar scoileanna nó oiliúint a chur ar mhic léinn le haghaidh na ndeiseanna atá san Aontas Eorpach. Chuige seo, bheadh níos mó acmhainní agus saineolas ar chúrsaí aistriúcháin cosúil le bogearraí ag teastáil ionas go mbeadh an Roinn in ann a leithéid a dhéanamh. Luadh go bhfuil an Roinn agus Scoil an Oideachais ag obair i gcomhar ag déanamh forbartha ar chúrsa múinteoireachta le Gaeilge faoi láthair.

D'éirigh le beirt mhac léinn ón Scéim Cónaithe (sa chéad agus sa dara bliain) craobh díospóireachta Gael Linn a bhaint amach agus rinne siad ionadaíocht ar an gColáiste ag an Oireachtas. Tréaslaíodh leo as a ngaisce.

**An Bhutrach agus Lón Foirne Gaeilge**
Bíonn líon maith daoine ag an gciorcal comhrá sa Bhutrach ó sheachtain go seachtain agus tá roinnt daoine nua ag freastal air i mbliana.

Rinneadh cinneadh an lón foirne a chur ar siúl go seachtainiúil seo toisc gur tosaíodh níos déanaí sa téarma seo é agus beidh sé á reáchtáil go dtí an 18 Nollaig. Fáiltíodh roimh mholtaí maidir le cad a thaitneodh le daoine nó cad a mheallfadh ann iad.

**Clár na Seaimpíní Inbhuanaitheachta Cónaithe**
Chuir Coiste Comhairleach an Phropaist ar Inbhuanaitheacht agus Maireachtáil ar Bheagán Carbóin tús le clár nua chun mic léinn atá ina gcónaí i lóistín an Choláiste a roghnú mar sheaimpíní inbhuanaitheachta. Mar chuid den chlár, cuirtear oiliúint ar mhic léinn faoi chúrsaí inbhuanaitheachta agus timpeallachta agus iarrtar orthu an t-eolas sin a scaipeadh ar a gcomrádaithe tí/comharsana. Tá mac léinn ar an Scéim mar sheaimpín inbhuanaitheachta do Bhá na Luibheolaíochta, áit a bhfuil teach na scéime, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil aon eolas atá á scaipeadh i bhfoirm póstaeir, srl. dátheangach.

**Ranganna Gaeilge**
Bhí gach rang Gaeilge sa téarma seo lán – 160 foghlaimeoir. Mar is gnáth, cuireadh ocht rang ar fáil thar cheithre leibhéal (3x rang A1/ 2x rang A2/ 2x rang B1/ 1x rang B2) ar feadh 6

students and attendees. Appreciation was expressed for all who had supported the event.

**Oireachtas na Gaeilge**
The Irish Language Officer attended several events at the Oireachtas na Gaeilge festival which took place in Dublin this year. One of these included a seminar organised by the Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht on employment opportunities for translators, interpreters, lawyer linguists and language assistants in the European Union. The information provided will be useful for an event regarding careers with Irish which is being organised with Careers Service for Hilary term. The question was asked if there is an opportunity for the Discipline of Irish to visit schools or train students for opportunities offered by the EU. Further resources and expertise on translation matters such as software are required for the Discipline to be able to do further this. It was stated that the Discipline and the School of Education are collaborating to develop a teaching course with Irish at present.

Two students on the Residency Scheme (first and second year) reached the Gael Linn national debating final and represented the College at the Oireachtas. They were congratulated on their achievement.

**The Buttery and Staff Lunch**
A significant number of people attend the weekly conversation circle in the Buttery with a number of new attendees having joined this year.

It was decided to hold the staff lunch on a weekly basis until 18th December as it began later in the term. Suggestions were welcomed in relation to what people might like from the lunch or how to encourage others to attend the lunch.

**Resident Sustainability Champions Programme**
The Provost's Advisory Committee on Sustainability and Low Carbon Living put a new programme in place this year to select students living in on-campus accommodation as sustainability champions. As part of this programme students are educated and trained on sustainability and environmental matters and they are then asked to share this knowledge with companions in their accommodation and with neighbours. A student of the Scheme is currently the sustainability champion in Botany Bay, where Scheme students reside, and so the information being shared in the form of posters, etc. is bilingual.

**Irish Language Classes**
All classes were completely full this term – 160 learners. Eight classes were provided as usual, across four levels (3x A1 classes/ 2x A2 classes/ 2x B1 classes/ 1x B2 classes) over six

seachtaine. Bhí thart ar 160 duine ar liostaí feithimh agus thart ar 140 acu sin ar liosta do leibhéal A1 (bunleibhéal).

Cuireadh seisiún eolais ar siúl faoi na ranganna ag tús an téarma agus d'fhreastail go leor daoine air (suas le 30 duine). Labhair Eimear Ní Chinnéide, léachtóir le Gaelchultúr, agus an tOifigeach Gaeilge le foghlaimeoirí ag an seisiún.

Tá seachtar cláraithe don rang ar líne ina gcuirtear síntiús 3 mhí ar fáil. Rachaidh an síntiús in éag faoi dheireadh mhí na Nollag.

Luadh go raibh sé an-deacair seomraí a fháil ar an gcampas i mbliana. Lorgaíodh na seomraí i mí na Bealtaine ach ní bhfuarthas freagra go deireadh mhí Iúil toisc go dtugtar tosaíocht do ranganna acadúla. Ní rabhthas ábalta formhór na seomraí a ofráladh a úsáid mar go mbeadh ar an múinteoir bogadh ó fhoirgneamh go foirgneamh idir na ranganna, rud nach mbeadh oiriúnach mar nach maireann na ranganna ach 50 nóiméad agus chaillfeadh an múinteoir am ag bogadh timpeall an champais. D'fhág sé sin go raibh an chuid is mó de na ranganna i Seomra Comhdhála an Rúnaí i bhFaiche an Choláiste. Cuireadh in iúl nach bhfuiltear go hiomlán sásta leis an socrú seo go fóill mar nach bhfuil an seomra sin inrochtana do dhaoine le riachtanais soghluaisteachta.

**TEG**

Thug ceathrar faoi scrúdú TEG sa bhliain acadúil 2018-19 agus d'éirigh leo go léir pas a bhaint amach. Cuirtear €80 ar fáil don chéad triúr a chuireann in iúl go bhfuil sé i gceist acu an scrúdú a dhéanamh i dtreo chostas na scrúduithe (€150 do lánchreidiúint). Is baill foirne iad beirt acu agus tá siad sásta a n-ainm a chur ar fáil mar dhaoine atá sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sa Choláiste.

**Tuairisc Airgeadais**

Cuireadh cuntas airgeadais don tréimhse Deireadh Fómhair 2018 go Meán Fómhair 2019 ar fáil i gcáipéis ar leith.

€105,109 a caitheadh thar thréimhse 12 mhí lena n-áirítear ábhair phá, neamhphá agus ioncam. €114,953 a bhí i mbuiséad dheireadh na bliana, mar sin, bhí farasbarr €9,843 i gceist. Cuireadh €20,925 ar fáil ó Oifig an Rúnaí chun an t-easnamh a fágadh sa chuntas de bharr an bhuiséid ag tús na bliana a bheith bunaithe ar bhliain airgeadais 2018/19 a chlúdach, rud a d'fhág go raibh farasbarr ag deireadh na bliana. Thart ar €110,000 atá tuartha mar bhuiséad don bhliain 2019/20, rud a d'fhéadfadh srian a chur ar ghníomhaíochtaí na hOifige mar meastar go bhféadfadh na costais a bhaineann leo a bheith níos mó ná sin.

**Pleananna don Théarma na Féile Bríde 2020:** Éigse na Tríonóide, Gairmeacha le Gaeilge, Seachtain na Gaeilge, Gradaim na Gaeilge, Scéim Cónaithe 2020/21 faoi dhó, srl.

weeks. There were approximately 160 people on waiting lists with approx. 140 of these on the list for A1 (beginners) level.

A general information session was held at the beginning of term and it was well attended (up to 30 people). Eimear Ní Chinnéide, lecturer with Gaelchultúr, and the Irish Language Officer conducted the session.

There are seven people registered for the online class whereby a three-month subscription is offered. This will expire at the end of December.

It proved very difficult to source rooms on campus this year. Rooms were requested in May and allocation was not received until July as priority is given to academic classes. The majority of the rooms offered could not be used as the teacher would need to move between buildings in between two classes, a situation which would not be suitable as classes only last for 50 minutes and time would be lost moving around campus. This meant that most classes took place in the Secretary's Conference Room in College Green. It was stated that this arrangement is not fully satisfactory as this room is not accessible to those with mobility issues.

**TEG**

Four people completed and passed TEG exams in the 2018-19 academic year. €80 is provided to the first three people who express interest in undertaking the exams to assist with the cost associated with them (€150 cost for full certification). Two of these are staff members who are willing to offer their names as people who are able to do business in Irish in College.

**Financial Report**

A financial report for the period October 2018 – September 2019 was provided in a separate document.

€105,109 was spent over 12 months, including pay and non-pay items, and income. The budget for the year was €114,95, leaving a surplus of €9,843. €20,925 was provided by the Secretary's Office to manage the deficit in the account due to the original budget for the year being based on the 2018/19 financial year, and this created the surplus at year-end. The 2019/20 budget is predicted to be approximately €110,000, which could restrict the Office's activities as expected costs could exceed this.

**Planned activities for Hilary Term 2020:** Éigse festival, Careers with Irish event, Seachtain na Gaeilge, Irish Language Awards, Irish Residency Scheme 2020/21 x2, etc.

## 5. Tuairisc an Chumainn Ghaelaigh

Rinne an Reachtaire cur síos ar obair an Chumainn le linn an téarma:

- Seachtain na bhFreisear:
  - Thart ar 700 ball cláraithe ach cruthaíonn an t-athrú ar dhátaí Sheachtain na bhFreisear dúshláin ó thaobh ballraíochta de go fóill.
  - Go leor urraíochta faighte don tseachtain ó Nós, Foras na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge le haghaidh bia, cupáin choinneála, srl.
  - I measc na n-imeachtaí bhí tráth na gceist i gcomhar leis an Hist agus QuizSoc, agus céilí le DU Dance agus VDP i gClub Chonradh na Gaeilge.
  - Comhoibriú le 8 gcumann éagsúil ar a laghad i rith na seachtaine chun fáilte a chur roimh bhaill nua.
- Imeachtaí eile:
  - Seoladh ag tús na bliana i dTeach an Ard-Mhéara.
  - Lá na Gaeilge leis an aoichainteoir Art Parkinson (aisteoir ó *Game of Thrones*).
  - Ceardlann Scríbhneoireachta le University Times.
  - Réamhbhabhtaí do dhíospóireacht an Oireachtas.
  - Turas go Gaillimh os rud é go raibh an tOireachtas i mBaile Átha Cliath i mbliana – deis do bhaill nua aithne a chur ar mhic léinn eile agus chun caidreamh níos láidre a chruthú le cumann Gaelach OÉG.
  - Géilí, an fhéile 'Samhain', Píotsa & Prósecó (oíche ealaíne), tús le trialacha don cheoldráma, tús leis an bhfeachtas tiomsaithe airgead 'Jailbreak'.
- Foilsíodh an chéad eagrán de 'Tuathal'.
- Craobh Maidens na Gaeilge (díospóireacht) agus Cóisir na Nollaig le teacht go fóill sa téarma.
- Le teacht i dtéarma na féile Bríde: Seachtain/Féile na hÉigse, turas thar lear, aoichainteoirí, taispeántas ealaíne le TAF, an Bál Gaelach, pléphainéal, ceoldráma an chumainn, an dara heagrán eile de 'Tuathal'.
- Bhí na deacrachtaí a d'eascair ó TEP le brath ag cumainn an Choláiste arís i mbliana mar go raibh laghdú ar líon na mac léinn a d'fhreastail ar imeachtaí tar éis na seachtaine léitheoireachta, fiú i

## 5. Report of An Cumann Gaelach

The Auditor described the Cumann's work during the term:

- Freshers' Week:
  - Approximately 700 members registered but the change to Freshers' Week dates continues to create challenges for membership numbers.
  - Various sponsorship received for the week from Nós, Foras na Gaeilge and Conradh na Gaeilge for food, re-usable cups, etc.
  - Events included a quiz with the Hist and Quizsoc, and a céilí with DU Dance and VDP in Club Chonradh na Gaeilge.
  - Collaboration with at least 8 different societies during the week to welcome new members.
- Other Events:
  - Launch at the beginning of the year in the Mansion House.
  - Lá na Gaeilge with guest speaker Art Parkinson (Game of Thrones actor).
  - Writing workshop with University Times.
  - Preliminary rounds of the Oireachtas debating competition.
  - Trip to Galway as the Oireachtas took place in Dublin this year – an opportunity for new members to meet other students and also to strengthen ties with NUI Galway's Irish language society.
  - 'Géilí', 'Samhain' festival, Pizza & Prosecco (art night), commencement of auditions and rehearsals for the Cumann's musical, launch of fundraising campaign Jailbreak.
- Publication of the first edition of 'Tuathal'.
- 'Maidens' debating competition and Christmas party still to take place this term.
- Upcoming activities in Hilary term: Éigse week/festival, overseas trip, guest speakers, art exhibition with TAF, Irish Ball, discussion panel, the Cumann's musical, publication of the second edition of 'Tuathal'.
- The Cumann experienced difficulties associated with TEP again this year with a reduction in the number of students attending events after reading week, even amongst committee members, depending on their course of study.

measc baill an choiste, ag brath ar an gcúrsa atá á dhéanamh acu.

## 6. Tuairisc Aontas na Mac Léinn

Thug Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn cuntas ar an obair a bhí ar bun le linn an téarma:

- Aistriúchán ar ríomhphoist sheachtainiúla an Aontais.
- Ceardlann cultúrtha gach mí sa Seomra Domhanda, chun Gaeilge a mhúineadh agus cultúr na hÉireann a mhíniú do mhic léinn idirnáisiúnta.
- Ag obair le hOifigeach Leasa an Aontais faoi láthair chun rang toilithe dátheangach a chumadh a chuirfí ar siúl le linn Sheachtain na hÉigse.
- Éigse 2020: tá iarratais á nglacadh don fhochoiste faoi láthair. Téama na seachtaine ná 'Ó Neart go Neart'. Beidh pléphainéal ag Seoladh na hÉigse ar a mbeidh Jamie Ó Tuama (Oifigeach Forbartha Gaeilge an CLG), Clíodhna Ní Dhufaigh (Leas-Uachtarán don Ghaeilge le hAontas na Mac Léinn in Éirinn) agus Malachi Ó Marcaigh (UT). Táthar ag súil le hOla Majekodunmi (craoltóir agus láithreoir le Raidió na Life) a bheith ann chomh maith.
- Ag obair le hOifigeach Cumarsáide & Margaíochta Aontas na Mac Léinn, Muireann Kane, agus le hOifigeach na Gaeilge chun an síneadh fada a fháil ar ainmneacha ar chártaí aitheantais mhic léinn.
- Mar bhall de Choiste Cultúrtha Aontas na Mac Léinn in Éirinn trína dtacaítear le feachtais náisiúnta in éineacht le hoifigigh Ghaeilge eile timpeall na tíre, cosúil le #GaelFees agus #CáBhfuilMoChearta. Tá tacaíocht á tabhairt faoi láthair do mhic léinn Ollscoil na Banríona agus iad i mbun feachtais chun fógraí dátheangacha a fháil ar a gcampas agus leis an gCumann Gaelach in OÉ, Gaillimh agus iad ag iarraidh an caife Gaeilge a ath-oscailt.

## 6. Report of the Students' Union

The Irish Language Officer gave an account of the work carried out over the course of the term:

- Translation of the SU's weekly emails.
- Monthly cultural workshop in the Global Room, aimed at providing information to international students on Irish culture and teaching some basics of the Irish language.
- Currently working with the SU Welfare Officer to create a bilingual consent class which would be offered during the Éigse festival.
- Éigse 2020: applications are currently being accepted for places on the subcommittee. The theme of the festival is 'From Strength to Strength'. A panel discussion will take place at the festival launch which will includ Jamie Ó Tuama (Irish Development Officer with the GAA), Clíodhna Ní Dhufaigh (Vice President for Irish with the USI) and Malachi Ó Marcaigh (UT). It is also hoped that Ola Majekodunmi (broadcaster and presenter with Raidió na Life) will be in attendance.
- Working with the SU's Communications and Marketing Officer, Muireann Kane, and with the Irish Language Officer to ensure the presence of the 'fada' on names on student ID cards.
- Member of the USI's 'Coiste Cultúrtha' (Cultural Committee) through which support is provided alongside other Irish language officers to national campaigns such as #GaelFees agus #CáBhfuilMoChearta. Support is currently being offered to students of Queen's University as they campaign for bilingual signage on their campus and to NUI Galway's Irish language society in their efforts to reopen the Irish language café on campus.

## 7. Seomra na Gaeilge

Ó bhuail an tOifigeach Gaeilge leis an Sparánaí níos luaithe i mbliana, rinneadh teagmháil le hOifig na nEastát agus na Saoráidí ar bhonn a molta agus cuireadh an fhoirm 'Project Initiation Form' faoina bráid. Thug ionadaí ón Oifig cuairt ar an Seomra le déanaí chun tuiscint a fháil ar cad atá ag teastáil maidir le rochtain ar an seomra agus an fhéidearthacht a bhaineann le hardaitheoir a chur leis an bhfoirgneamh a mheas. Tá sé i gceist anois go bhféachfar ar

## 7. Seomra na Gaeilge

Since the Irish Language Officer met with the Bursar earlier this year, the Estates and Facilities Office was contacted on her recommendation and a 'Project Initiation Form' was submitted. A representative of the Office visited the room recently to gain an understanding of what's needed in terms of accessibility to the room and to assess the feasibility of installing a lift. The plans for the building will now be

| | | |
|---|---|---|
| phleananna an fhoirgnimh le deimhniú an féidir a leithéid a dhéanamh agus cén costas a bhainfeadh leis. | | reviewed to assess if this is possible and an estimate will be provided of the cost involved. |
| **8. Diligent**<br><br>Tá an bogearra 'Diligent Boards' anois in úsáid do chruinnithe sa Choláiste in áit BoardPad. Tá sé i gceist go mbeidh sé in úsáid do Choiste na Gaeilge do chruinnithe amach anseo. | | **8. Diligent**<br><br>The software 'Diligent Boards' is now in use for meetings in College in place of BoardPad. It is intended that it will be used for future Coiste meetings. |
| **9. Aon ghnó eile**<br><br>Tá ról anois ag an Oifigeach Gaeilge mar ambasadóir don Choimisiún Fulbright in Éirinn sa Choláiste agus tá sí ar fáil mar phointe theagmhála do bhaill foirne agus do mhic léinn ar spéis leo iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain dá chuid. Tá deiseanna ann chomh maith dámhachtainí a bhaint amach leis an nGaeilge agus tréimhse a chaitheamh sna Stáit Aontaithe. Iarradh ar an gCoiste comhghleacaithe agus mic léinn a cur ar an eolas faoin tacaíocht seo.<br><br>Tá 'Dianchúrsa Ullmhúcháin i gCruinneas na Gaeilge' ar bun ag an Oifigeach Gaeilge le Gaelchultúr ar mhaithe lena cuid oibre aistriúcháin. Mairfidh an cúrsa ceithre mhí agus tá sé dírithe ar chruinneas gramadaí agus scríbhneoireachta. | | **9. Any other business**<br><br>The Irish Language Officer has taken up a role as Fulbright ambassador in the College and she is available as a contact person for staff and students who are interested in applying for a Fulbright award. There are also opportunities to travel to the US with the Irish language awards. The Committee was asked to inform colleagues and students of this support which is available to them.<br><br>The Irish Language Officer is currently undertaking an 'Intensive Preparatory Course in Written Irish' with Gaelchultúr to support her translation work. The course will last for four months and is focused on grammatical accuracy and writing skills. |